**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 32

# Post, Fiontar agus Nuálaíochta

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 32, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, d’ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013, le haghaidh thuarastail agus chostais Oifig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe faoi riar na hOifige sin, chun fóirdheontais, deontais agus deontais i gcabhair áirithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2013, lena n-áirítear an méid a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2013, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2012, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Dlitear barrachas €44.94 milliún a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tabharfar €23,000,000 anonn lena chaitheamh in 2014 agus géillfear €21,935,290 don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

**Aistriú Feidhmeanna**

Aistríodh an fhreagracht as an mBinse Comhionannais chuig an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais le héifeacht ón 1 Eanáir 2013 faoin Ordú um an mBinse Comhionannais (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2012 (IR Uimh. 531 de 2012).

**Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe cuntasaíochta caighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht as an gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na heilimintí seo a leanas ina gcuid de:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistíochta sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistíochta sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- cinntíonn an Roinn go mbíonn fócas cuí ar dhea-chleachtas agus nithe á gceannach agus go mbíonn nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha ar fad. Tá an Roinn comhlíontach ach amháin i gcás 18 gconradh dar luach €1,322,610 san iomlán a dámhadh gan tairiscint iomaíoch. Áiríodh na conarthaí sin i dtuairisceán Chiorclán 40/2002 toisc go bhfuil siad os cionn na tairsí tuairiscithe €25,000 agus toisc gur dámhadh iad gan tairiscint iomaíoch ar na cúiseanna seo a leanas:
    - dámhadh 6 chonradh dar luach €579,145 san iomlán do sholáthraí amháin;
    - athnuadh 9 gconradh dar luach €385,965 san iomlán ó phróiseas tairisceana iomaíche roimhe seo;
    - dámhadh 3 chonradh dar luach €357,500 ar an iomlán ar chúiseanna eile.

  Más infheidhme, tá an Roinn i mbun tairiscintí a chur i bhfeidhm maidir leis na seirbhísí sin amach anseo.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn/Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne/Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**John Murphy**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

28 Márta 2014

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na nGnáthamh Airgeadais Phoiblí.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

30 Lúnasa 2014

# Vóta 32 Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Cuntas Leithreasa 2013

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Forbairt Post agus Fiontar | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 366,078 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 18,000 | 384,078 | 359,143 | 400,505 |
| B | Nuálaíocht | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 363,860 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 7,000 | 370,860 | 359,714 | 376,608 |
| C | Rialúchán | | 82,678 | 73,092 | 73,773 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 812,616 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 25,000 | | | |
| | | | **837,616** | **791,949** | **850,886** |
| | *Bain as* | | | | |
| D | **Leithreasaí i gcabhair** | | **52,027** | **51,295** | **50,342** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Soláthar na bliana reatha* | 760,589 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 25,000 | | | |
| | | | **785,589** | **740,654** | **800,544** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfaidh aon leithreasaí neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt ar aghaidh lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 44,935,290 | 45,863,737 |
| Tabhairt suas iarchurtha | 23,000,000 | 25,000,000 |
| Barrachas le tabhairt suas | 21,935,290 | 20,863,737 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastal, pá agus liúntais | 20,824 | 21,145 | 20,674 |
| ii | Taisteal agus cothú | 603 | 551 | 451 |
| iii | Costais oiliúna agus forbartha agus theagmhasacha | 475 | 475 | 497 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 587 | 458 | 529 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 3,840 | 3,035 | 2,933 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 700 | 629 | 754 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí | 166 | 29 | 123 |
| viii | Acmhainní fógraíochta agus faisnéise | 261 | 84 | 86 |
| ix | Uachtaránacht an AE | 2,238 | 1,338 | 619 |
| | | 29,694 | 27,744 | 26,666 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas clár | | 764,206 | 824,221 |
| Pá (nóta 1.3) | | 21,693 | 21,047 |
| Neamhphá | | 6,050 | 5,618 |
| **Ollchaiteachas** | | **791,949** | **850,886** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **51,295** | **50,342** |
| **Glanchaiteachas** | | **740,654** | **800,544** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (713) | | |
| Dímheas | 2,013 | | |
| Caillteanas ar Dhiúscairtí | 1 | | |
| | | 1,301 | 1,784 |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (862) | (955) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (325) | | |
| Méadú ar stoc | 78 | | |
| | | (247) | (756) |
| **Caiteachas díreach** | | 740,846 | 800,617 |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (airgead tirim) (nóta 1.1) | | 21,400 | 21,864 |
| Measchíosanna (neamhairgid) (nóta 1.2) | | 1,667 | 1,685 |
| **Costas glan clár** | | **763,913** | **824,166** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glansuim an chaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas i ndáil le Vóta 32 a iompraíodh in áiteanna eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 60 | 255 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 14,205 | 15,394 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 6,882 | 5,962 |
| Lárchiste - pinsin Airí | m | 253 | 253 |
| | | 21,400 | 21,864 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

**1.2 Cíos Barúlach**

Ba é Oifig na nOibreacha Poiblí a thiomsaigh figiúr an chíosa bharúlaigh bunaithe ar phraghsanna cíosa reatha an mhargaidh. Baineann figiúr an chíosa bharúlaigh leis an dá mhaoin atá á n-áitiú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

**1.3 Pá**

An difríocht €548,000 idir an figiúr pá a léirítear sa Ráiteas Costais Oibriúcháin (€21,693,000) agus an figiúr pá a chuirtear san áireamh ag (i) den anailís ar chostais riaracháin (€21,145,000), baineann sí le caiteachas atá bainteach le pá ar an Uachtaránacht ar an AE, a chuirtear san áireamh ag (ix) den anailís ar chostais riaracháin. Cuireadh an soláthar meastacháin de na costais go léir a bhaineann leis an Uachtaránacht ar an AE san áireamh faoi cheannteideal ar leith san anailís ar chostais riaracháin.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 6,665 | 6,637 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 122 | 584 |
| | | **6,787** | **7,221** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 23,782 | 27,929 |
| Stoic | 2.5 | 239 | 317 |
| Réamhíocaíochtaí | | 826 | 575 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,248 | 1,078 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 1,420 | 1,375 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **27,515** | **31,274** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 677 | 441 |
| Ioncam iarchurtha | | 1,344 | 1,484 |
| Iarmhéideanna eile sochair | 2.7 | 2,245 | 4,029 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 22,958 | 25,275 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **27,224** | **31,229** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **291** | **45** |
| **Glansócmhainní** | | **7,078** | **7,266** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.1 | **7,078** | **7,266** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2013 €000** | **2012 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 7,266 | 7,339 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 785,589 | | |
| Tabhairt suas iarchurtha | Cuntas | (23,000) | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (21,935) | | |
| Glanvóta | | | 740,654 | 800,544 |
| Glansócmhainní arna n-aistriú ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 2.2 | | 5 | — |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní | 2.2 | | (1) | — |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 21,400 | 21,864 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,667 | 1,685 |
| Glanchostas clár | 1 | | (763,913) | (824,166) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **7,078** | **7,266** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 34,088 | 6,642 | 40,730 |
| Aistrithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais[1] | 41 | 20 | 61 |
| Breiseanna | 2,004 | 33 | 2,037 |
| Diúscairtí | (431) | (16) | (447) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 35,702 | 6,679 | 42,381 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2013 | 27,660 | 6,433 | 34,093 |
| Aistrithe ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais[1] | 36 | 20 | 56 |
| Dímheas don bhliain | 1,952 | 61 | 2,013 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (430) | (16) | (446) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2013 | 29,218 | 6,498 | 35,716 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **6,484** | **181** | **6,665** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2012** | **6,428** | **209** | **6,637** |

[1] Aistríodh sócmhainní TFC agus troscán agus feistis ón Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannas, ag teacht as aistriú an Bhinse Comhionannais chuig an Roinn seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2013.

## 2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| | Feidhmiúcháin ríomhaire inmheánacha |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna arna dtabhairt ar aghaidh amhail an 1 Eanáir 2013 | 584 |
| Íocaíochtaí airgid sa bhliain[1] | 916 |
| Arna dtabhairt in úsáid sa bhliain | (1,378) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2013 | 122 |

[1] Baineadh úsáid as maoiniú an AE a bhí cothrom le €53,646 chun sócmhainní TFC a ghnóthú faoi thionscadail an Chiste Comhair Paitinní.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim PMG | 23,785 | 27,985 |
| Orduithe gan íoc | (3) | (56) |
| | 23,782 | 27,929 |

| **2.5 Stoic** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Páipéarachas | 164 | 238 |
| Soláthairtí TF | 60 | 60 |
| Ábhair ghlantóireachta | 15 | 19 |
| | 239 | 317 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Dochair** | | **2013** | **2012** |
|---|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | | **€000** | **€000** |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | | 209 | 217 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha dochair | | 427 | 483 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe | | | |
| Taisteal in-aisíoctha | 433 | | |
| Seirbhísí comhroinnte in-aisíoctha | 184 | | |
| Cnapshuimeanna pinsin in-aisíoctha | 167 | | |
| | | 784 | 675 |
| | | 1,420 | 1,375 |

| **2.7 Iarmhéideanna Eile Sochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 53 | 91 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 60 | 65 |
| Tobhach Ioncaim | — | (1) |
| Cáin Shiarchoinneálach Seirbhísí Gairmiúla | 68 | 86 |
| Cáin Bhreisluacha ar éadálacha laistigh den AE | 8 | 2 |
| | 189 | 243 |
| Iarmhéideanna ilghnéitheacha sochair | 2,056 | 3,786 |
| | 2,245 | 4,029 |

## 2.8 Glandliteanas don Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas le tabhairt suas | 21,935 | 20,864 |
| Tabhairt suas iarchurtha | 23,000 | 25,000 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (21,977) | (20,589) |
| Glandliteanas don Státchiste | 22,958 | 25,275 |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 23,782 | 27,929 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 1,420 | 1,375 |
| | 25,202 | 29,304 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (189) | (243) |
| Iarmhéideanna sochair eile | (2,055) | (3,786) |
| | (2,244) | (4,029) |
| | 22,958 | 25,275 |

## 2.9 Ceangaltais

| amhail an 31 Nollaig | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|
| **(A) Ceangaltais dhomhanda** | | |
| Fotheidil soláthair | 2,147 | 51 |
| Fotheidil deontais[1] | 1,309,880 | 1,082,095 |

[1] Cuimsíonn sé caiteachas ó ioncam acmhainní dílse.

**(B) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla os cionn €6.35 milliún**

| | Caiteachas Carnach go dtí an 31 Nollaig 2012 [2] | Caiteachas in 2013 | Blianta ina dhiaidh sin | Tionscadal Iomlán 2013 | Tionscadal Iomlán 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| GFT Éireann | 266,400 | 9,000 | 33,200 | 308,600 | 319,600 |
| Fiontraíocht Éireann | 116,299 | 33,001 | 173,359 | 322,659 | 210,159 |
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 205,818 | 77,953 | 219,845 | 503,616 | 306,155 |
| Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | 82,503 | 18,193 | 93,702 | 194,398 | 194,399 |
| | 671,020 | 138,147 | 520,106 | 1,329,273 | 1,030,313 |

[2] Ní chuireann sé tionscadail a cuireadh i gcrích faoi dheireadh 2012 san áireamh.

## 2.10 Dliteanais Aibithe.

B'ionann dliteanais aibithe mheasta nár urscaoileadh amhail an deireadh bliana agus €255,568 (2012: €162,831).

## 3 Caiteachas Clár de réir Fo-Mhírchinn

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Forbairt Post agus Fiontar** | | | | |
| A.1 | Riarachán – pá | | 7,102 | 7,428 | 7,028 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,026 | 1,551 | 1,374 |
| A.3 | Forfás | | 47,957 | 40,076 | 51,422 |
| A.4 | Idir-Thrádáil Éireann | | 8,085 | 8,106 | 8,164 |
| A.5 | GFT Éireann | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 117,447 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 7,000 | 124,447 | 126,360 | 131,822 |
| A.6 | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne | | 10,218 | 8,117 | 7,655 |
| A.7 | Fiontraíocht Éireann | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 135,841 | | | |
| | *Tabhairt suas iarchurtha* | 11,000 | 146,841 | 128,041 | 140,187 |
| A.8 | Forbairt fiontar contae | | 25,893 | 29,643 | 30,320 |
| A.9 | Monatóireacht agus measúnacht ar chláir an AE | | 89 | — | — |
| A.10 | Forbairt fiontar INTERREG | | 3,000 | 2,000 | 5,999 |
| A.11 | An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | | 5,641 | 5,641 | 6,245 |
| A.12 | Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | | 500 | 269 | 239 |
| A.13 | Suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 1,949 | 1,882 | 29 |
| A.14 | Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | | 1 | 1 | 1 |
| A.15 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | 312 | 11 | 11 |
| A.16 | Árachas Creidmheasa Easpórtála - aisíocaíocht leis an Státchiste | | 17 | 17 | 9 |
| — | *Ciste Iasachta do Mhionfhiontair* | | — | — | *10,000* |
| | | | 384,078 | 359,143 | 400,505 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár A €24.94 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Forfás | 7,881 | Ba iad na coigiltí €5,998,000 ar phá agus ar phinsin agus €1,880,000 ar chúrsaí neamhphá. Tháinig na coigiltí ar phá aníos mar gur líonadh folúntais foirne go mall nó mar nár líonadh iad ar chor ar bith. Tháinig coigiltí ar phinsin aníos mar gurbh ísle go mór an líon daoine a chuaigh ar scor ná na leibhéil a rabhthas ag súil leo nuair a cuireadh na meastacháin le chéile. Bhí sé sin ina chúis le coigilt €4,500,000 ar chnapshuimeanna agus, mar thoradh air sin, coigilt €1,300,000 ar phinsin. Tháinig na coigiltí neamhphá aníos toisc gur aistríodh feidhm réadmhaoine Forfás go GFT Éireann ón 1 Iúil 2013. Rinneadh €1,800,000 a aistriú idir cuntais go GFT Éireann (Fo-mhírcheann A5) chun cabhrú le GFT Éireann caiteachas ar a hoibleagáidí réadmhaoine a chomhlíonadh tar éis an phunann réadmhaoine a aistriú. |
| Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne | 2,101 | Bhí an méid a soláthraíodh d'Fhorbairt Shionainne ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis ar na cúiseanna seo a leanas; (i) bhí an caiteachas ar phinsin ina raibh soláthar aonuaire le haghaidh scéimeanna scoir dheonaigh agus iomarcaíochta deonaí thart ar €247,000 níos ba lú ná a rabhthas ag súil leis toisc nár éirigh an oiread baill foirne as le linn na bliana is a rabhthas ag súil leis agus níor bhain duine ar bith leas as an scéim um luathscor; (ii) níor theastaigh €1,854,000 a soláthraíodh maidir le deontais don tionscal a bhí iníoctha ag Forbairt na Sionainne toisc nach bhfuarthas líon mór éileamh lena rabhthas ag súil leo ar dtús roimh dheireadh na bliana. |
| Fiontraíocht Éireann | 18,800 | Tháinig coigiltí de €18,800,000 aníos mar gheall ar na tosca seo a leanas: (i) le linn 2013, thuill Fiontraíocht Éireann ioncam breise acmhainní dílse arbh ionann a luach agus €11,400,000 as cothromas agus infheistíochtaí caipitil fiontair a dhíol/a fhuascailt. Baineadh úsáid as an ioncam breise sin in ionad dheontas an Oireachtais chun tacaíocht airgeadais do thionsclaíocht a mhaoiniú: (ii) tá an leibhéal infheistíochta ag fiontair bheaga agus mheánmhéide ag téarnamh níos moille ná a bhíothas ag súil leis. Mar thoradh air sin, is níos moille ná a bhíothas ag coinne leis atá an leibhéal cómhaoiniúcháin atá ag teastáil faoi na scéimeanna éagsúla. Tháinig ganntarraingt anuas ó Chláir Chaipitil Síl agus Fiontair a bhí cothrom le €7,000,000 chun cinn mar gheall ar dheacrachtaí tiomsaithe airgid a d'eispéirigh cistí fiontair faoi Chlár an Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn agus faoin gClár um Chaipiteal Forbartha. Dá réir sin, ba é sin ba chúis le moilleanna ar chomhaontuithe dlíthiúla a thabhairt chun críche agus ar uainiú na dtarraingtí anuas; (iii) le coigilt €400,000 ar oibríochtaí tógála caipitil, go príomha maidir le caillteanas níos ísle ar fhoirgnimh, ar bhonneagar TF agus ar chothabháil/uasghrádú na líonraí oifige réigiúnaí agus thar lear. |
| Forbairt fiontar contae | (3,750) | Léiríonn an difríocht an cothromú athruithe ar leibhéil chaiteachais reatha agus chaiteachais chaipitil. Is ionann an toradh reatha agus méadú €569,000 mar gheall ar an riachtanas breise a bhaineann le híocaíochtaí pinsean scoir €354,000 a íoc agus mar gheall ar easnamh €440,000 sa leithdháileadh pá. Rinneadh iad a fhritháireamh go páirteach le coigiltí €225,000 ar chúrsaí neamhphá. Maidir le caipiteal de, cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leithdháileadh breise caipitil de €3,180,000 ar na boird fiontar contae. Thug sé sin an leithdháileadh caipitil iomlán go €18,180,000, ar baineadh úsáid as chun tacú le forbairt fiontar agus chun cur i bhfeidhm a dhéanamh ar thionscadail mhicreaghnóthais a bhfuil cumas acu fostaíocht bhreise a chruthú. |

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Forbairt fiontar INTERREG | 1,000 | Baineadh coigilt €1,000,000 amach i leithdháileadh 2013 toisc gur cuireadh tús le tionscadail go mall. Tá baint ag breis agus 20 tionscadal leis agus tá sé iontach deacair a chinntiú go gcloítear leis na hamscálaí réamh-mheasta, mar thoradh ar mhoilleanna éagsúla amhail saincheisteanna pleanála, lóistíochúla agus riaracháin a théann i bhfeidhm ar an údarás bainistíochta le haghaidh an chláir. |
| Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | 231 | Bhí an meastachán bunaithe ar an uasmhéid de €150,000,000 bheith á iasachtú agus a ráthú faoin Scéim Ráthaíochta Creidmheasa. Clúdaíonn an meastachán an costas ar an scéim a oibriú, mar aon le héilimh ag iasachtóirí rannpháirteacha ar an ráthaíocht 75%. Is iad na cúiseanna leis an ngannchaitheamh; (i) glacadh leis an scéim a bhí níos ísle ná a bhíothas ag coinne leis, agus (ii) ní raibh aon éilimh faoin scéim in 2013. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 301 | Déantar éascú faoin bhfo-mhírcheann seo d'fhonn aon chostais dlí a thagann as saincheisteanna a bhaineann le pearsanra a íoc. Ní raibh aon chostais dlí in 2013. Dá bhrí sin, ní raibh an leithdháileadh ag teastáil. Ní féidir líon na gcásanna, más ann dóibh, a thiocfaidh aníos ó bhliain go bliain a mheas mar gheall ar chineál dothuartha na gcostas dlí agus, mar thoradh ar sin, tá sé deacair an méid maoiniúcháin atá ag teastáil a réamh-mheas. |

| | | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | | €000 | €000 |
| **B** | **Nuálaíocht** | | | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | | 4,811 | | 4,950 | 4,654 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | | 2,319 | | 1,738 | 1,585 |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | | 2,874 | | 2,400 | 3,165 |
| B.4 | An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | | | | | |
| | *Suim bhunaidh* | 289,993 | | | | |
| | *Tabhairt Suas Iarchurtha* | 7,000 | 296,993 | | 286,243 | 294,867 |
| B.5 | Clár do Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRLTI) | | 44,340 | | 45,203 | 54,705 |
| B.6 | Suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | | 19,179 | | 19,178 | 16,254 |
| B.7 | Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | | 1 | | 1 | 1 |
| B.8 | Costais dlí agus seirbhísí eile | | 343 | | 1 | 27 |
| — | *Cathair Bhaile Átha Cliath na hEolaíochta* | | — | | — | 1,350 |
| | | | 370,860 | | 359,714 | 376,608 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár B €11.15 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 581 | Ar an iomlán bhí an caiteachas neamhphá ar fud na dtrí chláir €2,131,279 ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis agus bhí an caiteachas ar Chlár B 25% ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis. Baineadh na príomhchoigiltis amach sa réimse TFC, Uachtaránacht an AE, seirbhísí postais agus teileachumarsáide, seirbhísí comhairleachta agus foinsí fógraíochta agus faisnéise. Baineadh na coigiltis sin amach den chuid is mó trí leanúint le costais oibriúcháin a laghdú agus freastal ar bhunriachtanais ghnó ag an am céanna. |
| Oifig na bPaitinní | 474 | B'ann do choigilt phá de €240,000 a tháinig chun cinn mar gheall ar roinnt folúntas agus laghduithe domheasta ar líon foirne agus toisc post an Rialaitheora a bheith líonta ag oifigeach ar seirbhís de chuid na Roinne freisin. B'ann do choigilt neamhphá de €234,000 a bhain le trealamh oifige agus soláthairtí seachtracha TF, mar go raibh oibreacha áirithe forbairtí beartaithe á maoiniú ag an Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (OHIM), rud a bhí mar chúis le coigiltí sa mheastachán. |

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Clár um Fhorbairt Eolaíochta agus Teicneolaíochta | 10,750 | Bhí an caiteachas ar dheontais taighde agus forbartha na cuideachta €2 mhilliún ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i ngeall ar éilimh neamhleora arna gcur isteach ag cliantchuideachtaí maidir le faomhadh deontas. Bhí an caiteachas ar infheistíochtaí cothromais gnólachtaí nuathionscanta ardacmhainneachta €3 mhilliún ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis i ngeall ar luach ní b'ísle ar fhaomhadh cothromais le linn na bliana. Tháinig coigiltis €5 mhilliún eile chun cinn as próiseas bainistíochta ceangaltais chaipitil, a thug an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe isteach in 2010. Chuir sé sin srian ar Fhiontraíocht Éireann óna gnáthléibheal d'fhaomhadh tionscadal a dhéanamh ar fud raon réimsí nuálaíochta agus T&F. Tháinig coigilteas €750,000 chun cinn as gannchaitheamh neamhphá i bhFondúireacht Eolaíochta Éireann. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 342 | Clúdaíonn an fo-mhírcheann seo an costas ar íocaíochtaí ilghnéitheacha a d'fhéadfadh teacht aníos ar fud na Roinne, lena n-áirítear costais fhéideartha dlí, nach ndearnadh soláthar dóibh in aon áit eile sa Vóta. Tá oibleagáid ar an Roinn soláthar teagmhasach a dhéanamh do na costais sin a d'fhéadfadh bheith ina gcostais aonuaire ó thaobh a gcineáil de agus sa chás nach cinnte atá uainiú an chaiteachais. |

| | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **C** | **Rialúchán** | | | |
| C.1 | Riarachán – pá | 9,600 | 9,315 | 9,365 |
| C.2 | Riarachán – neamhphá | 3,836 | 2,761 | 2,659 |
| C.3 | An Clár um Chaidreamh san Ionad Oibre | 19,484 | 18,159 | 17,650 |
| C.4 | Deontais le haghaidh seirbhísí oideachais agus comhairleoireachta ceardchumann – teoranta ó thaobh airgid thirim de | 944 | 944 | 944 |
| C.5 | Cur Chun Cinn Comhpháirtíochta Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre | 226 | 28 | 67 |
| C.6 | Cónascthaí ceardchumann | 10 | 30 | — |
| C.7 | Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 5,330 | 3,124 | 3,436 |
| C.8 | An tÚdarás Iomaíochta | 5,127 | 4,478 | 3,871 |
| C.9 | An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí | 7,360 | 5,501 | 5,752 |
| C.10 | Tacaíocht do thomhaltóirí | 45 | 45 | 47 |
| C.11 | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | 7,210 | 6,689 | 6,990 |
| C.12 | Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (deontas- i - gcabhair) | 1,568 | 1,445 | 1,476 |
| C.13 | An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 55 | 55 | 55 |
| C.14 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta - deontas le haghaidh costais riaracháin agus costais ghinearálta | 18,730 | 18,730 | 19,006 |
| C.15 | Taighde, lena n-áirítear suirbhéanna daonchumhachta | 280 | 1 | 24 |
| C.16 | Suibscríbhinní d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, etc. | 1,564 | 1,534 | 1,568 |
| C.17 | Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | 315 | 165 | 319 |
| C.18 | Costais dlí agus seirbhísí eile | 994 | 88 | 544 |
| | | 82,678 | 73,092 | 73,773 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil le Clár C €9.59 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí sé sin amhlaidh den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh<br>€000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán – neamhphá | 1,075 | Ar an iomlán bhí an caiteachas neamhphá ar fud na dtrí chláir €2,131,279 ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis agus bhí an caiteachas ar Chlár C 28% ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis. Baineadh na príomhchoigiltis amach sa réimse TFC, Uachtaránacht an AE, seirbhísí postais agus teileachumarsáide, seirbhísí comhairleachta agus foinsí fógraíochta agus faisnéise. Baineadh na coigiltis sin amach den chuid is mó trí leanúint le costais oibriúcháin a laghdú agus freastal ar bhunriachtanais ghnó ag an am céanna. |

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Clár um Chaidreamh san Ionad Oibre | 1,325 | Tá an gannchaitheamh iomlán ar C3 comhdhéanta de na nithe seo a leanas: (i) €421,000 i leith soláthair do 2 chomhaltaí den Chúirt Oibreachais a bhí incháilithe le haghaidh scoir ach nach ndeachaigh ar scor in 2013 agus tuilleadh coigiltí pá sa Chúirt Oibreachais a bhí cothrom le €104,000; (ii) €479,000 i leith an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais, arna mhiondealú i gcomhair coigilt phá de €160,000 a tháinig as scor agus aistriú foirne agus i gcomhair coigilt neamhphá de €318,000, go príomha sna réimsí seo: seomraí a fháil ar cíos, taisteal agus cothú, athchóiriú agus costais TFC; agus (iii) €320,000 i leith an Bhinse Comhionannais a tháinig as coigiltí pá mar thoradh ar laghduithe foirne agus as coigiltí pá a tháinig chun cinn sna réimsí um chostais dlí agus um chaiteachas áitreabh oifige. |
| Cur Chun Cinn Comhpháirtíochta Chiste Nuálaíochta an Ionaid Oibre | 198 | Is é a bhí sa mheastachán ná tarraingt anuas ionchais chistí ag Fiontraíocht Éireann (EI). Cuireadh tús le formheas Fhiontraíocht Éireann le haghaidh tionscadal i mí Aibreáin 2007 agus cuireadh deireadh leis in 2009. Bhíothas ag coinne ón tús go dtógfadh sé am go dtí go ndéanfar forbairt ar na tionscadail. Cé gur ghá soláthar a dhéanamh chun na dliteanais i gcomhair deontas a faomhadh cheana a íoc, níor bhain roinnt cuideachtaí a fuair faomhadh le haghaidh deontas faoin scéim úsáid as an tairiscint mar gheall ar na cúinsí eacnamaíochta neamhchinnte. Dheimhnigh Fiontraíocht Éireann go mbeadh an tarraingt anuas €28,000 a rinne sí i mí Aibreáin 2013 ar an tarraingt anuas deiridh a dhéanfadh sí. Chuaigh gach gealltanas faoin scéim as feidhm ag deireadh na bliana 2013. |
| Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 2,206 | Tháinig an gannchaitheamh aníos ó thaobh pá de go príomha agus bhí gannchaitheamh beag ar phá a bhí cothrom le €81,000. Áiríodh leis an leithdháileadh neamhphá €2,855,000 maoiniú i leith roinnt cásanna a bhí ar siúl os comhair na gCúirteanna fós. Ní féidir an Oifig uainiú agus toradh na gcásanna a rialú den chuid is mó agus, mar thoradh air sin, tá sé rídheacair réamh-mheas a dhéanamh ar uainiú nó leibhéal na gcostas a bhféadfadh go mbeadh ar an Oifig iad a íoc. Cuireadh cuid de na cásanna sin i gcrích in 2013 agus d'éirigh leis an Oifig iontu, rud a laghdaigh go mór an méid réamh-mheasta a bheadh le híoc i dtaca le costais i gcomhair na gcásanna áirithe sin. Ós rud é go bhfuil cásanna eile atá le cinneadh fós, is é atá roimh an Oifig ná an fhéidearthacht go mbeidh costais mhóra dlí dlite lena n-íoc in 2014 nó i mblianta ina dhiaidh sin. |
| An tÚdarás Iomaíochta | 649 | Tháinig an t-athrú as caiteachas ar phá agus ar chúrsaí neamhphá a bhí níos ísle ná a bhíothas ag coinne leis. Tháinig na coigiltí €324,000 ar phá chun cinn mar gheall ar an líonadh céimnithe deich bpost bhreise le linn 2013 ar ceadaíodh iad i gcomhair an Údaráis in 2012 ach nár cuireadh an iomaíocht leis na poist sin a líonadh ar siúl go dtí mí na Samhna 2012. Tháinig na coigiltí €325,000 ar chúrsaí neamhphá go príomha as costais dlí a bhí níos ísle ná a bhíothas ag coinne leis. Tháinig siad aníos as dliteanas teagmhasach a bhaineann le dámhachtain costas dlí in aghaidh an Údaráis Iomaíochta i gcás san Ard-Chúirt. Níor tháinig an dliteanas sin i láthair in 2013 mar nár éisteadh achomharc an Údaráis sa Chúirt Uachtarach. Is dócha go n-éistfear é in 2014. |

| Cur síos | Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí | 1,859 | Maoinítear feidhm seirbhísí airgeadais na Gníomhaireachta le tobhach arna fhorchur ag an NCA. Bailítear an tobhach i lár na bliana agus réamhíocann an Roinn an Ghníomhaireacht ar an gcoinníoll go n-aisíoctar í trí leithreasaí i gcabhair roimh dheireadh na bliana. Níor theastaigh thart ar €1.2 milliún a soláthraíodh dáiríre (féach 4.1 (15)) toisc gur chaith an Ghníomhaireacht €400,000 ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca le pá maidir le deich bpost ceadaithe sna seirbhísí airgeadais nár líonadh le linn 2013 agus toisc go raibh an tobhach a bailíodh in 2012 sa bhreis ar chaiteachas 2012 a úsáideadh chun caiteachas clár thart ar €800,000 a mhaoiniú suas go dtí Aibreán 2013. Anuas air sin, theastaigh €600,000 níos ba lú ar an nGníomhaireacht ná mar a rabhthas ag súil leis i dtaca lena deontas maidir le speansais riaracháin agus ghinearálta. Tharla sé sin toisc go raibh na leibhéil foirne faoi ECF maidir le cuid den bhliain (€300,000) agus toisc go raibh an caiteachas maidir le táillí dlíthiúla, costais TF agus saoráidí ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| An Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinearálta | 521 | Baineadh coigilt €114,000 ar an leithdháileadh pá amach toisc gur fhág baill foirne an Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus níor ionadaíodh iad lom láithreach. Tháinig an choigilt €401,000 ar an mbuiséad neamhphá chun cinn go príomha mar nár caitheadh cistí a leithdháileadh i gcomhair ullmhúchán le haghaidh chur chun feidhme an chinn nua de Bhille na gCuideachtaí (fógraíocht, cur chun cinn, oiliúint etc.) ós rud é nach ndearna an Bille dul chun cinn trí Thithe an Oireachtais a luaithe is a bhíothas ag súil leis. Is dócha anois go n-achtófar an Bille le linn 2014. Ina theannta sin, lean an Oifig um Chlárú Cuideachtaí ar aghaidh in 2013 de bhearta sábhála costais a chur chun feidhme, amhail córas leictreonach feabhsaithe le haghaidh cuideachtaí nua a ionchorprú, roghanna feabhsúcháin ríomhchomhdúcháin agus uathchlárúcháin agus seirbhísí níos éifeachtaí do chustaiméirí ar líne ón Oifig um Chlárú Cuideachtaí agus ó Chlárlann na gCara-Chumann. Áiríodh le tionscnaimh eile tairiscint a chur isteach an athuair ar raon seirbhísí agus laghduithe breise ar chostas a bhaint amach. |
| Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (deontas- i -gcabhair) | 123 | Tá IAASA páirtmhaointhe ag an Roinn agus ag na comhlachtaí cuntasaíochta. Is é an mheicníocht trína soláthraítear maoiniú Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann ná go n-íoctar a chostais tuarastail iomlána tríd an bhfo-mhírcheann seo. Má sháraíonn comhiomlán na n-íocaíochtaí sin dliteanas an Státchiste, déantar aisíocaíocht leis an Roinn ag deireadh bliana. Maidir leis an ngannchaitheamh, bhí meastachán 2013 bunaithe ar líon iomlán foirne a bheith ag an Údarás. Mar sin féin, bhí deacracht ag IAASA folúntas mar Cheann Maoirseachta Rialála agus Faireacháin a líonadh ar feadh fhormhór na bliana 2013, mar aon le folúntais eile. |
| Taighde, lena n-áirítear suirbhéanna daonchumhachta | 279 | Bhí an meastachán bunaithe ar mhéadú réamh-mheasta ar iarratais ar mhaoiniú, lena n-áirítear €150,000 a chur ar fáil chun tabhairt faoi staidéar ina scrúdófaí na deiseanna féideartha agus an tionchar eacnamaíoch agus an tionchar eile a bheadh ag Comhaontú Comhpháirtíochta Trádála agus Infheistíochta Trasatlantaí (TTIP) ar Éirinn. Mar thoradh ar chineál casta an tionscadail bheartaithe sin, áfach, níor cuireadh idirbheartaíocht chonartha i gcrích ach go mall sa bhliain agus níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2013. Níor leanadh le dhá mhiontionscadal eile arb ionann a luach agus €10,000 mar a bhíothas ag súil leis. |

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Coimisiúin, coistí agus fiosruithe speisialta | 150 | Tháinig an t-athrú as na nithe seo a leanas: (i) €85,000 as stad a cuireadh le gníomhaíocht na gcomhchoistí oibreachais mar gheall ar rialú na hArd-Chúirte; (ii) €14,000 ar bheagthionscadail taighde agus speansais taistil a bhain le Grúpa Ardleibhéil um Rialáil Ghnó; (iii) coigilt €20,000 ar thionscadail chomhpháirtíochta sláinte agus sábháilteachta sna rannóga tógála agus talmhaíochta maidir le sábháilteacht san ionad oibre a chur chun cinn; (iv) coigilt €14,000 faoi chostais oibriúcháin an Ghrúpa Athbhreithnithe Dlí ar Dhíolacháin agus (v) coigiltí ilghnéitheacha eile. |
| Costais dlí agus seirbhísí eile | 906 | Ní féidir réamh-mheas cruinn a dhéanamh ar chaiteachas ón bhfo-mhírcheann seo mar gurb é cuspóir an fho-mhírchinn ná aon chostais dlí fhéideartha a d'fhéadfadh teacht aníos a chlúdach. Ní suntasach a bhí na costais sin le linn 2013. |

## 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gCabhair** | | **2013** | | **2012** |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíoch** | | | | |
| 1. | Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta | 600 | 987 | 1,083 |
| 2. | Táillí ceadanna oibre | 3,000 | 3,242 | 2,631 |
| 3. | Ceadúnais do ghníomhaireachtaí fostaíochta | 210 | 205 | 243 |
| **Árachas agus Dlí Cuideachtaí** | | | | |
| 4. | An Oifig um Chlárú Cuideachtaí | 18,750 | 19,337 | 19,802 |
| 5. | Clárlann na gCara-Chumann | 80 | 57 | 94 |
| **Cearta Trádála, Iomaíochta agus Margaidh** | | | | |
| 6. | Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna 1963 agus faoi Acht na bPaitinní 1964 | 8,000 | 8,434 | 8,588 |
| 7. | Ceadúnais trádála ócáidí | 3 | 3 | 2 |
| 8. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí | 361 | 408 | 420 |
| 9. | Fógraí cumaisc | 280 | 288 | 240 |
| **Eile** | | | | |
| 10. | Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | 50 | 178 | 31 |
| 11. | Forbairt Fiontar Contae | 100 | 66 | 103 |
| 12. | Ilghnéitheach | 104 | 2,037 | 243 |
| 13. | Fáltais ón Údarás Iomaíochta | — | — | — |
| 14. | Beartas fiontraíochta (Idir-Thrádáil Éireann) | 44 | 28 | 50 |
| 15. | An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí – deontas le haghaidh feidhmeanna faisnéis airgeadais agus oideachais | 2,125 | 925 | 834 |
| 16. | Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | 376 | 507 | 549 |
| 17. | Tuarastal agus aoisliúntas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta | 1,299 | 1,241 | 1,243 |
| 18. | Aoisliúntas an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta | 645 | 599 | 511 |
| 19. | GFT Éireann – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 | 1,700 | 1,722 | 1,931 |
| 20. | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 | 1,000 | 703 | 1,073 |
| 21. | Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | 3,000 | 76 | 2 |
| 22. | Fáltais ó asbhaint phinsean-ábhartha ar luach saothair seirbhíse poiblí | 10,300 | 10,252 | 10,669 |
| | **Iomlán** | 52,027 | 51,295 | 50,342 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh agus breis is 5% níos mó nó níos lú ná ón tsuim a measadh.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialta | (387) | Déantar an costas a bhaineann le hachomhairc iomarcaíochta a riaradh, feidhm a chomhlíonann an Roinn seo, a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh. Rinneadh é seo a idirbheartú leis an Roinn Coimirce Sóisialaí ar bhonn dhá ráta fhéideartha, 20% agus 30% d'iomlán chostais na gcostas um Binse Achomhairc Fostaíochta. Bhí an meastachán bunaithe ar ráta aisghabhála 20%. D'aisíoc an Roinn Coimirce Sóisialaí an Roinn seo ag 30% d'iomlán na gcostas agus léiríonn sé seo gurbh ionann cásanna iomarcaíochta agus dócmhainneachta agus céatadán níos airde d'iomlán na gcostas le linn 2013. |
| Táillí ceadanna oibre | (242) | Bhí méadú in 2013 ar líon na gceadanna a eisíodh, go háirithe don earnáil TF. Chomh maith leis sin, rinneadh athruithe ar stádas riachtanach Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce (GNIB) d'fhostaithe ag iarraidh Cártaí Glasa. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar líon na gceadanna a eisíodh. |
| Fáltais faoi Acht na dTrád-Mharcanna 1963 agus faoi Acht na bPaitinní,1964 | (434) | Tháinig an t-athrú aníos den chuid is mó mar thoradh ar ioncam méadaithe as táillí athnuachana ó thrádmharcanna idirnáisiúnta atá faoi chosaint in Éirinn agus as Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a bailíochtaíodh in Éirinn. Aon tráth ar bith, tá sé deacair réamhaisnéis a dhéanamh go cruinn ar ioncam táillí atá faoi réir cinntí gnó á ndéanamh ag cuideachtaí ar iarratas a dhéanamh ar chearta maoine intleachtúla agus ar iad a choinneáil. |
| Fáltais dlí Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach | (128) | Figiúr barúlach a bhí san fhigiúr €50,000 mar go bhfuil sé deacair na fáltais sin a fháil amach roimh ré toisc nach mbaineann siad le seirbhísí a chuir an Oifig ar fáil. Ina ionad sin, is costais iad a ndámhtar don Oifig. Baineann roinnt fáltas le costais arna ndeonú i gcásanna coiriúla agus bailíonn an tSeirbhís Chúirteanna iad thar ceann Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Mar sin de, níl aon smacht ag an Oifig ar a mbailiú. Baineann fáltais bhreise le cásanna sibhialta, ina ndámhtar na costais don Oifig. Cé go bhforfheidhmíonn an Oifig a mbailiú nuair is féidir, tá sé deacair réamh-mheas a dhéanamh ar uainiú cruinn agus ar mhéid cruinn na bhfáltas sin roimh ré. |

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a measadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | (1,933) | I ngeall ar a chineál, tá sé deacair cén leibhéal ioncaim a gheofar faoin gcatagóir seo a thuar. Is iad seo na suimeanna suntasacha atá san áireamh: (i) Suim €1,200,000 a d'aisíoc Fiontraíocht Éireann maidir lena leithdháileadh caipitil a íostarraingíodh in aonad leas a bhaint as ioncam acmhainní dílse. Fuair Fiontraíocht Éireann cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe roimhe seo, chun an t-ioncam acmhainní dílse a choinneáil; (ii) aisíoc CEBanna de €354,000, arb ionann é sin agus íostarraingtí nár úsáideadh; (iii) Aisíocaíochtaí ÁSPC Fostóirí de €162,000 a d'eascair maidir le hathaicmiú rátaí maidir leis na ranníocaíochtaí sin atá iníoctha ag líon sealbhóirí oifige atá fostaithe ag an Roinn (sainithe mar sin chun críche ranníocaíochtaí ÁSPC ag Rannán SCOPE na Roinne Coimirce Sóisialaí); (iv) Réiteach iarmhéideanna ar chuntais fionraí de €171,000; (v) €82,000 maidir leis an mBinse Comhionannais a aistríodh ón Roinn Dlí agus Cirt in Eanáir 2013 a bhaineann le haisíocaíocht costas maidir le hathbhreithniú breithiúnach na hArd-Chúirte; (iv) Suim Dhlíthiúil NERA de €15,000 agus (vii) suimeanna ilghnéitheacha éagsúla eile de €52,000. |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí – deontas le haghaidh feidhmeanna faisnéis airgeadais agus oideachais | 1,200 | Maoinítear feidhm seirbhísí airgeadais na Gníomhaireachta le tobhach arna fhorchur ag an NCA. Bailítear an tobhach i lár na bliana agus réamhíocann an Roinn an Ghníomhaireacht ar an gcoinníoll go n-aisíoctar í trí leithreasaí i gcabhair roimh dheireadh na bliana. Níor theastaigh thart ar €1.2 milliún a soláthraíodh dáiríre (féach C.9). Mar thoradh air sin ní raibh gá don NCA an Roinn a aisíoc maidir leis an tsuim seo. |
| Aisíocaíocht tuarastail Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann | (131) | Tá IAASA páirtmhaointhe ag an Roinn agus ag na comhlachtaí cuntasaíochta. Déanann an Roinn tuarastail agus íocaíochtaí gaolmhara a phróiseáil ar son IAASA. Nuair a sháraíonn comhiomlán na n-íocaíochtaí sin dliteanas an Státchiste, déantar aisíocaíocht leis an Roinn ag deireadh bliana. B'ionann an méid a chaith an Roinn ar thuarastal agus ar íocaíochtaí gaolmhara agus €1,445,000 agus bhí dliteanas an Státchiste d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann in 2013 cothrom le €936,000. Bhí aisíocaíocht chomhlán de €514,000 dlite lena haisíoc leis an Roinn. Aisíocadh €507,000 den fhigiúr sin. Léiríonn an méadú seo go raibh meastachán 2013 bunaithe ar líon foirne iomlán a bheith ag an Údarás le haghaidh iomlán na bliana. |
| Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne – Fáltais phinsin a thagann as an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 | 297 | Le linn 2013, bhain 33 ball foirne leas as scéim iomarcaíochta deonaí. Mar thoradh air sin bhí na ranníocaíochtaí a bailíodh ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. |
| Scéim Ráthaíochta Iasachta Sealadaí | 2,924 | Déantar socrú sa scéim ráthaíochta iasachta sealadaí go n-íocfaidh iasachtaithe préimh 2% leis an Aire. Bhí an meastachán €3,000,000 le haghaidh 2013 bunaithe ar an uasmhéid €150,000,000 a thabhairt ar iasacht agus a ráthú in 2013. Le linn 2013, ceadaíodh saoráidí i ndáil le €12,107,500. Faoi dheireadh 2013, bhí €6,258,500 san iomlán íostarraingthe ag iasachtaithe. Mar thoradh air sin bhí na fáltais faoin scéim i bhfad ní ba lú ná mar a rabhthas ag súil leo. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Creidmheas easpórtála - aisghabhálacha ón Iaráic/ón Nigéir | 50 | 2,370 | 869 |
| Fiontraíocht Éireann - reatha (A7, A8, B4) | 249 | 249 | 990 |
| Fiontraíocht Éireann – caipiteal (A7, A8, B4) | 1,090 | 3,006 | 29,738 |
| Forfás - reatha | 341 | 341 | 623 |
| Forfás - barrachas ó ioncam acmhainní dílse | 147 | 147 | — |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann - caipiteal (B4) | 630 | 630 | 428 |
| Boird Fiontar Contae - aisíoc deontais | 10 | 10 | — |
| Forbairt Shionainne - aisíoc deontais | — | 249 | — |
| Ilghnéitheach | — | 18 | 6 |
| *GFT Éireann – fáltais ón tionscadal idirnasctha* | — | — | *22* |
| *GFT Éireann - reatha* | — | — | *201* |
| | 2,517 | 7,020 | 32,877 |

| | |
|---|---|
| Creidmheas easpórtála - aisghabhálacha ón Iaráic | Sa bhliain 1998, tharraing an Stát siar as Árachas Creidmheasa Easpórtála a chur ar fáil. Ó shin i leith, lean an Roinn ar aghaidh ag dul sa tóir ar fhiacha a tháinig aníos as polasaithe a eisíodh faoin scéim. Mar thoradh ar chás amháin den chineál sin a bhain le fiach san Iaráic, d'éirigh leis an Roinn gnóthú suntasach de níos mó ná €2,300,000 a bhaint amach in 2013. Mar atá ag teastáil faoin reachtaíocht, cuireadh an t-airgead sin amach chuig an Lárchiste. |
| Fiontraíocht Éireann – caipiteal | Nuair a foilsíodh na meastachán athbhreithnithe, fuarthas €1,090,000 ó Fhiontraíocht Éireann, agus dá bhrí sin nochtadh an tsuim sin lena foilsiú sa mheastachán. Ag an am sin, ní raibh an Roinn eolach faoi fháltais 'amhantair' ar bith eile ó Fhiontraíocht Éireann. |

## 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon Foirne ag deireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha)[1] | | |
| Roinn | 803 | 789 |
| Gníomhaireachtaí | 1,723 | 1,872 |
| | 2,526 | 2,661 |

[1] Cuimsíonn na figiúirí seo fostaithe ó Bhord na nDíobhálacha, atá ina ghníomhaireacht stáit neamhthráchtála nach bhfaigheann maoiniú Státchiste go díreach.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 159,354 | 168,446 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 983 | 873 |
| Liúntais eile | 1,853 | 1,833 |
| Ragobair | 575 | 567 |
| ÁSPC Fostóra | 10,158 | 10,701 |
| **Pá iomlán** | **172,923** | **182,420** |

Baineann na socruithe luach saothair le ghné phá na bhFo-cheannteideal A1, A3, A4, A5, A6, A7, A8, A11, B1, B3, B4, C1, C3, C7, C8, C9, C11, C12 agus C14.

### 5.1 Roinn

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[2] | 37,565 | 36,183 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 597 | 579 |
| Liúntais eile | 529 | 619 |
| Ragobair | 341 | 300 |
| ÁSPC Fostóra | 2,129 | 2,051 |
| **Pá iomlán** | **41,161** | **39,732** |

[2] Áirítear leis sin íocaíochtaí pinsin le 29 iarbhall den Chúirt Oibreachais agus den Údarás Iomaíochta.

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí de €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 90 | 4 | 28,164 | 20,727 |
| Liúntais Eile | 122 | 15 | 48,394 | 92,826 |
| Ragobair | 155 | 4 | 13,968 | 13,996 |

Fuair daoine áirithe luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Gníomhaireachtaí**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 121,789 | 132,263 |
| Liúntais i leith dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 386 | 294 |
| Liúntais eile | 1,324 | 1,214 |
| Ragobair | 234 | 267 |
| ÁSPC Fostóra | 8,029 | 8,650 |
| **Pá iomlán** | **131,762** | **142,688** |

**Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | **Líon faighteoirí** | **Faighteoirí de €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht aonair** | **Uasíocaíocht aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2013** | **2012** |
| | | | **€** | **€** |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 88 | 11 | 16,703 | 36,053 |
| Liúntais Eile | 423 | 29 | 42,728 | 42,728 |
| Ragobair | 90 | 6 | 26,851 | 32,086 |

Fuair daoine áirithe luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin.

I measc na ngníomhaireachtaí thuas tá Boird Fhiontar Contae agus Cathrach, an tÚdarás Iomaíochta, Fiontraíocht Éireann, Forfás, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann, Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forbairt Shionainne.

**5.3 Íocaíochtaí feidhmíochta agus tuillteanais**

Íocadh €400 san iomlán, trí bhíthin dearbhán, le beirt fhostaithe de ghníomhaireacht de chuid na Roinne in 2013.

**5.4 Socruithe luacha saothair eile**

Íocadh €84,237 san iomlán le cúigear státseirbhíseach ar scor a bhí rannpháirteach i ndualgais éagsúla an athuair le linn 2013.

Soláthraíodh carr cuideachta do POF ceithre ghníomhaireacht de chuid na Roinne.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cistiú ón AE

Mar aon le deontais ón Vóta, fuair na comhlachtaí seo a leanas faoi choimirce na Roinne cúnamh go díreach ón AE in 2013, mar atá léirithe thíos:

| Fo-mhírcheann | Cur síos | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | Toradh | Toradh |
| | | € | € |
| A.6 | Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne | 87,470 | 399,078 |
| B.3 | Oifig na bPaitinní | 183,416 | — |
| B.4 | Fondúireacht Eolaíochta Éireann | 115,000 | 716,685 |
| C.14 | An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (HSA) | 222,344 | — |
| *B.5* | *Forfas* | — | *329,450* |
| | | 608,230 | 1,445,213 |

### 6.2 Coimisiúin, Coistí agus Fiosruithe Speisialta

| | Bliain an bhunaithe | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2013 | 2013 Toradh | 2012 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € |
| Comhchoistí Oibreachais[1] | 1946 | 1,265,769 | 23,237 | 8,335 |
| Fiosrúcháin um Dhlí na gCuideachtaí | 1994 | 2,193,034 | 16,614 | 71,770 |
| Grúpa Athbhreithnithe um Dhlí na gCuideachtaí | 2000 | 957,091 | 68,069 | 87,947 |
| Grúpa ar Rialúchán Gnó | 2006 | 175,493 | 5,332 | 8,299 |
| Sábháilteacht san Ionad Oibre | 2002 | 2,722,590 | 50,000 | 140,000 |
| Coiste Iniúchta Rannach | 2004 | 25,614 | 3,600 | 3,150 |
| Grúpa Athbhreithnithe Dlí ar Dhíolacháin | 2009 | 20,120 | 391 | 1,202 |
| | | 7,359,711 | 167,243 | 320,703 |

[1] Bonnbhliain 1994. Rinneadh íocaíochtaí maidir leis an tréimhse 1946-1993 ó fho-cheannteideal A.2 an bhliain lena mbaineann.

### 6.3 Costais Dlí

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| Tá costais dlí a íocadh le linn na bliana leagtha amach mar seo a leanas: | € | € |
| Costais dlí | 330,906 | 967,260 |
| Cúiteamh | 45,594 | 142,332 |
| | 376,500 | 1,109,592 |

As an tsuim iomlán €376,500 i gcostais dlí in 2013, baineann €160,658 (43%) leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta agus baineann €95,690 (25%) le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach.

**6.4 Íocaíochtaí Ilghnéitheacha**

Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna - Ráiteas íocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAlt 25(1) den Acht um Sheirbhísí Saothair 1987

| | **Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2013** | **Iomlán don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| An méid a fuair an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 191,880 | 338,005 |
| An méid a d'íoc an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta isteach sa Státchiste | 191,880 | 338,005 |

Cuireadh deireadh leis an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna, a bhí socraithe ag 1% d'ioncam iomlán duine, seachas roinnt eisceachtaí, le feidhm ón 6 Aibreán 1999. Leanann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta uirthi de bheith ag fáil suimeanna a bhaineann le híocaíochtaí stairiúla cánacha. Bailítear an Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna ag Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus íoctar é leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ar bhonn míosúil. Íoctar an t-airgead go díreach leis an Státchiste.

**6.5 Dliteanais Theagmhasacha**

Cuireadh Scéim Shealadach um Ráthaíocht Pháirteach Chreidmheasa ar bun i mí na Samhna 2012. Faoin scéim sin, tabharfaidh an Rialtas ráthaíocht pháirteach d'iasachtaí ó iasachtóirí traidisiúnta do ghnólachtaí inmharthana a bhíonn ar imill chinntí a bhaineann le hiasachtú tráchtála agus a mbíonn deacrachtaí acu creidmheas a fháil mar gheall ar dhá chúis ar leith: (i) comhthaobhacht neamhleor, (ii) níl na scileanna ná an taithí ag an iasachtóir measúnú cuí a dhéanamh ar an tairiscint, de bharr easpa eolais ar earnálacha, ar mhargaí nó ar theicneolaíochtaí nua. Tá iasachtaí faoi ráthaíocht ar feadh 3 bliana agus níor tháinig aon dliteanas chun cinn in 2013. Is í an neamhchosaint uasta d'iasachtaí a ráthaíodh in 2012 agus in 2013 ná €513,863.

D'fhéadfadh go mbeadh dliteanas ar an Roinn faoin scéim árachais chreidmheasa easpórtála. Mainníodh earraí a sholáthar do chuideachta blianta fada ó shin cé go raibh an lastas clúdaithe faoi pholasaí na cuideachta sin. Ní dhearnadh aon éileamh go dtí seo agus níl aon chomhartha go ndéanfar éileamh. Amhail an 31 Nollaig 2013, rinneadh dliteanas comhlán an Aire a mheas ag €328,331.

Tá an Roinn páirteach i roinnt imeachtaí dlí atá ar feitheamh agus a d'fhéadfadh dliteanais a chur ar an Roinn, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Is éiginnte atá aon suim iarbhír agus uainiú na ndliteanas a d'fhéadfadh a bheith ann.

**6.6 Calaois, Calaois Amhrasta nó Neamhrialtacht Amhrasta**

Níor thabhaigh an Roinn aon chaillteanais mar gheall ar chásanna tuairiscithe calaoise, calaoise amhrasta nó neamhrialtachta amhrasta in 2013.

**6.7 Maoiniú a Thabhairt Anonn**

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €23,000,000 de chaiteachas nár caitheamh maidir le fo-cheannteidil A.5, A.7 agus B.4 anonn go dtí 2014.